


Garda C6sta na hEireann

Ceist 1

Beidh t6 ag f6achaint ar ball ar thuairisc faoi fhadhbanna in aonad de chuid an Gharda C6sta san Iarthar. Sula bhf6eachfaidh t6 ar an m6r, an f6idir leat f6in agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na fr6as6i th6os?

- *duties* _____
- *value* _____
- *unexpectedly* _____
- *rescue and emergency services* _____
- *irreconcilable differences* _____
- *management and members* _____
- *as long as* _____
- *mediation services* _____
- *functioning* _____



F6ach ar an tuairisc le feice6il an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2

F6ach ar an tuairisc ar6s agus breac s6os 6bhar na m6re. Cuir an m6id a scr6obh t6 i gcompar6id leis an m6id a scr6obh an duine in aice leat.

Ceist 3

Cum c6ig cheist le cur ar an duine in aice leat faoi 6bhar na m6re. Mar shampla:

C6 bhfuil an t-aonad at6 i gceist sa mh6r?

Ceist 4 '...tá sé *tugtha* le fios...'

- A. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an bhfocal i gcló trom?
- B. Éist leis an tuairisc arís agus breac síos na samplaí eile den ghné chéanna a chloiseann tú inti.

Ceist 5 '...seisear...' agus '...naoi nduine dhéag...'

Baintear úsáid as na huimhreacha pearsanta (1 – 12) chun daoine a chomhaireamh.

1. Líon isteach an tábla thíos leis na huimhreacha pearsanta agus leis an bhfoirm den ainmfhocal a leanann iad. Tá sampla amháin déanta duit.

		múinteoir	fear	scoláire
1				
2				
3				
4				
5	<i>cúigear</i>	<i>múinteoirí</i>	<i>fear</i>	<i>scoláirí</i>
6				
7				
8				
9				
10				
11				
12				

2. An féidir leat Gaeilge a chur ar na cinn seo a leanas freisin?

13 boys
16 lecturers
14 builders
19 pupils
18 women

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa.

1. An oibríthe deonacha ar fad iad na daoine a bhíonn ag obair in aonaid an Gharda Cóta?
2. Cad iad na deacrachtaí a bhí i gceist san aonad seo den Gharda Cóta, dar leat?
3. An ndéanann tú féin aon obair dheonach? Cad atá i gceist léi?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

<i>duties</i>	dualgais
<i>value</i>	luach
<i>unexpectedly</i>	gan choinne
<i>rescue and emergency services</i>	seirbhísí tarrthála agus éigeandála
<i>irreconcilable differences</i>	deacrachtaí doréitithe
<i>management and members</i>	bainistíocht agus baill
<i>as long as</i>	fad is
<i>mediation services</i>	seirbhísí idirghabhála (eadrána)
<i>functioning</i>	i mbun feidhme

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Ceisteanna samplacha:

- Cén fáth nach bhfuil aon duine ar dualgas san aonad?
 Cá mhéad duine a d'éirigh as?
 Cén fáth ar éirigh siad as an obair?
 Cathain a osclaíodh an t-aonad?
 Cén luach atá ar an aonad?
 Cá mhéad duine a bhí i mbun dualgais san aonad?
 Cad é an t-aonad a bheidh freagrach as na seirbhísí tarrthála a chur ar fáil anois?
 An bhfuil an t-aonad i nDúlainn ag cur aon seirbhísí ar fáil?

Ceist 4

- A. An aidiacht bhriathartha.
 B. *Tugtha, scortha, tagtha, ráite, tógtha, déanta, éirithe.*

Ceist 5

		múinteoir	fear	scoláire
1	duine amháin	múinteoir amháin	fear amháin	scoláire amháin
2	beirt	mhúinteoirí	fhéar	scoláirí
3	triúr	múinteoirí	fear	scoláirí
4	ceathrar	múinteoirí	fear	scoláirí
5	<i>cúigear</i>	<i>múinteoirí</i>	<i>fear</i>	<i>scoláirí</i>
6	seisear	múinteoirí	fear	scoláirí
7	seachtar	múinteoirí	fear	scoláirí
8	ocht	múinteoirí	fear	scoláirí
9	naonúr	múinteoirí	fear	scoláirí
10	deichniúr	múinteoirí	fear	scoláirí
11	aon duine dhéag	aon mhúinteoir déag	aon fhear déag	aon scoláire dhéag
12	dháréag	múinteoirí	fear	scoláirí

- 13 boys: *trí bhuachaill déag*
 16 lecturers: *sé léachtóir déag*
 14 builders: *ceithre thógálaí dhéag*
 19 pupils: *naoi ndalta dhéag*
 18 women: *ocht mbean déag*

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Tá sé tugtha le fios tráthnóna go bhfuil aonad an Gharda Cósta i nDúlainn, i gContae an Chláir, scortha ó dhualgais ar feadh seala. D'éirigh seisear den fhoireann ansin as gan choinne ar an deireadh seachtaine. Dúirt an Garda Cósta go raibh deacrachtaí nárbh fhéidir a réiteach tagtha chun cinn san aonad le roinnt blianta. Sula dtáinig¹ muid ar an aer, labhair mé lenár dtuairisceoir Tomás Ó Mainnín faoin scéal is deireanaí seo.

Tomás Ó Mainnín

Bhuel, níl ann ach sé bliana nó mar sin ó osclaíodh an t-aonad nua de chuid an Gharda Cósta anseo i nDúlainn – luach nach mór 2 mhilliún euro. Bhí suas le naoi nduine dhéag i mbun dualgais anseo ach ag an deireadh seachtaine thug seisear acu sin le fios, gan choinne, go rabhadar ag éirí as. Anois, tráthnóna i ráiteas, tá sé ráite ag an nGarda Cósta tríd an Roinn Iompair go bhfuil an cinneadh tógtha an t-aonad, aonad an Gharda Cósta anseo i nDúlainn, a sheasamh síos — rud a chiallaíonn nach mbeidh na seirbhísí tarrthála agus éigeandála ar fáil ón aonad seo ar feadh tamaill ar a laghad.

Dúirt an Garda Cósta agus an Roinn sa ráiteas go raibh deacrachtaí doréitithe tar éis éirí i measc an aonaid anseo le roinnt blianta agus go raibh iarrachtaí déanta ag an mbainistíocht agus ag baill den aonad féin anseo na deacrachtaí sin a réiteach. Dúirt an Garda Cósta sa ráiteas go mbeadh aonad Inis Oírr ag cur clúdach ar fáil don gceantar seo agus go rabhadar i mbun cainteanna le haonaid eile sa réigiún chun clúdach seirbhíse tarrthála agus éigeandála a chur ar fáil fad is atá aonad Dhúlainn as feidhm. Dúirt an Garda Cósta chomh maith go raibh seirbhísí idirghabhála agus eadrána á gcur ar fáil acu in iarracht na deacrachtaí atá éirithe anseo a réiteach. Agus tá cainteanna ar bun anseo tráthnóna inniu maidir leis sin agus go raibh súil acu an t-aonad a bheith ar ais i mbun feidhme agus i mbun gnó anseo chomh luath, a deir siad, agus is féidir leo.

¹ *sular tháinig* an leagan caighdeánach